# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**
  Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
  Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**
  Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
  Freagair ar dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**
  An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
  Freagair ar thopaic amháin as an roinn seo.

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid**:**
***Slógaí Nurnberg***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

**1.** (a) I ndoiciméad A, conas atá na pubaill le coinneáil?
(b) De réir dhoiciméad A, cá raibh na stáisiúin gharchabhrach suite?
(c) Ó dhoiciméad A, cad a chaithfidh tarlú ag 10.30 p.m.?
(d) I ndoiciméad B, cad atá Hitler a dhéanamh sa tulra ar dheis?
(e) I ndoiciméad B, cad is ainm don tsiombail ar an mbratach in uachtar an tulra ar chlé?
(40)

**2.** (a) Conas a léiríonn gach doiciméad, A agus B, go raibh an-ord agus an-eagar ar an láthair? Bíodh tagairt agat don dá dhoiciméad i do fhreagra.
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, is fearr a thugann léargas ar Shlógadh Nurnberg? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

**3.** (a) Cén cuspóir atá leis na rialacha i ndoiciméad A, daoine a choinneáil slán nó daoine a choinneáil faoi smacht? Tabhair fáth le do fhreagra.
(b) Cén fáth ar foinse phríomha é doiciméad B? Tabhair fáth le do fhreagra. (20)

**4.** Cén cuspóir a bhí le Slógaí Nurnberg sa Ghearmáin Naitsíoch? (20)

## - Doicméad A -

**Déantar cur síos sa sliocht coimrithe seo ar conas a d'fheidhmigh 'cathair na bpuball' ag slógaí Nurnberg.**

Ní mór na pubaill a choinneáil deas néata. Ní bheidh aon chaitheamh tobac sna pubaill ag am ar bith. Ní cheadaítear lampaí ceirisín, tinte oscailte agus cócaireacht sna pubaill ná timpeall orthu.

Ní mór d'aon duine a mhothaíonn tinn dul chuig an dochtúir láithreach. Tá stáisiúin gharchabhrach ar gach láthair champála.

Níl cead ag aon duine an pháirc a fhágáil gan phas. Nuair a thagann siad ar ais, ní mór do gach duine é sin a thuairisciú.

Séidfear corn ag 10 p.m. Ní mór go mbeadh gach duine sa leaba ag 10.30pm. Iarrtar ciúnas.

Foinse: Hamilton T. Burden, *The Nuremberg Party Rallies* (Londain: Pall Mall Press, 1967).

## - Doiciméad B -

**San fhótagraf seo de Shlógadh Nurnberg 1937 tá Hitler ina sheasamh sa tulra ar dheis.**



# ROINN 2: ÉIRE

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo as litir chuig Charles Trevelyan, arna dhátú an 7 Lúnasa 1846, léiríonn an tAthair Theobald Mathew tús dhúchan na bprátaí. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí mé ar mo bhealach ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath ar an 27 Iúil agus bhí an planda mí-ámharach seo faoi bhláth.*

*Ar mo bhealach ar ais ar an 3ú lá den mhí seo, ba le brón a chonaic mé an réimse forleathan d'fhásra bréan a bhí ag lobhadh.*

*I mórán áiteanna bhí na daoine truamhéalacha ina suí ar a gcuid claíocha, iad ag fáscadh lámh agus ag olagón faoin léirscrios a d'fhág gan bia iad.*

Foinse: J.S. Donnelly, *The great Irish Potato Famine* (Stroud, Gloucestershire: Sutton Publishing, 2001).

1. Cén dáta ar thug an scríbhneoir faoi deara go raibh plandaí na bprátaí faoi bhláth?
2. Cén dá chathair a raibh an scríbhneoir ag taisteal eatarthu?
3. Cad a chonaic an scríbhneoir 'le brón'?
4. Conas a d'fhreagair na daoine dá gcailliúint?
5. Go hachomair, cén fáth ar cháin Charles Trevelyan tiarnaí talún in Éirinn le linn an Ghorta?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh na nDeachúna.
2. William Dargan.
3. Leasuithe rialtas na Liobrálaithe.
4. James Stephens.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a bhain Dónall Ó Conaill fuascailt na gCaitliceach amach in 1829?
2. Cad a chuir William Carleton agus/nó Tomás Dáibhéis le gnóthaí na hÉireann?
3. Cad iad na topaicí móra a pléadh ag Sionad Dhurlais, 1850?
4. Cad iad na bealaí ar chuir an Mháthairab Mary Aikenhead le dul chun cinn shochaí na hÉireann?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Oíche an 8 Meitheamh 1886, theip ar an gCéad Bhille Rialtas Dúchais de chuid Gladstone i dTeach na dTeachtaí i Londain. Sa sliocht coimrithe seo, luann an t-iriseoir Frank Frankfort Moore, a fuair an scéal trí theileagraf, freagairtí i mBéal Feirste. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar mo bhealach abhaile, cé nach raibh sé ach a ceathair a chlog ar maidin, bhuail mé le grúpaí d'fhir oibre a d'éirigh dhá nó trí huaire an chloig níos luaithe ná ba ghnách leo chun an toradh ó Theach na dTeachtaí a fháil.*

*Nuair a dúirt mé leo gur theip ar an mBille, líon an spéir le gártha molta. Bhuail mé le cúpla scór duine den aicme chéanna in Sandy Row, ceantar thar a bheith Protastúnach. Buaileadh ar an droim mé amhail is dá mba trí mo chuid iarrachtaí féin a theip ar an mBille.*

Foinse: Jonathan Bardon, *A History of Ireland in 250 Episodes* (Baile Átha Cliath: Gill Books, 2008).

1. Cén fáth ar éirigh na fir oibre níos luaithe ná ba ghnách leo?
2. Cén scéal a thug an scríbhneoir do na fir oibre?
3. Conas a d'fhreagair na fir oibre don scéal nuair a chual siad é?
4. Cén t-eolas a thugann an scríbhneoir faoi Sandy Row i mBéal Feirste?
5. Cén fáth a raibh formhór na ndaoine i mBéal Feirste i gcoinne Rialtas Dúchais?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Isabella Tod.
2. An Chomharghluaiseacht.
3. Conradh na Gaeilge.
4. John Redmond.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a rinne Michael Davitt iarracht ceist na talún a shocrú in Éirinn?
2. Cad iad na bealaí ar éirigh le CLG agus ar theip air le linn na tréimhse 1884-1891?
3. Cad a chuir W.B. Yeats leis an athbheochan chultúir in Éirinn?
4. Conas a chuaigh Edward Carson i mbun feachtais i gcoinne Rialtas Dúchais d'Éirinn agus cén fáth a ndearna sé é sin?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Déantar plé sa sliocht coimrithe seo ar chur chun cinn na féiniúlachta cultúrtha ag Rialtas nua an tSaorstáit, 1922-1932. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Dearbhaíodh i mbunreacht 1922 gurbh í an Ghaeilge teanga náisiúnta an tSaorstáit agus cuireadh ar chomhchéim leis an mBéarla í.*

*Chinntigh Eoin Mac Néill, mar Aire Oideachais, go mbeadh áit phribhléideach ag an nGaeilge sna scoileanna. Mar thoradh air sin, cuireadh an Ghaeilge in áit an Bhéarla mar theanga theagaisc i mbunscoileanna agus i meánscoileanna.*

*Chomh maith leis sin, thosaigh an rialtas ag obair chun siombalachas nua stáit a chruthú. Mar shampla, ba í an chláirseach a bheadh mar shéala oifigiúil an stáit. Ina dhiaidh sin, tugadh isteach boinn agus nótaí bainc nua, agus stampaí poist.*

*Seoladh stáisiún raidió náisiúnta, ar tugadh 2RN air, ar an 1 Eanáir 1926, agus bhí sé i gceist go mbeadh nádúr cultúrtha seachas nádúr polaitiúil aige.*

Foinse: Michael Laffan, *Judging W.T. Cosgrave* (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann, 2014).

1. Cad a shonraigh bunreacht 1922 faoin nGaeilge?
2. Cérbh é an tAire Oideachais ag an am sin?
3. Cad a cuireadh mar shéala oifigiúil Shaorstát Éireann?
4. Cén t-ainm a tugadh ar an stáisiún raidió náisiúnta nua?
5. Ar éirigh le polasaí an rialtais i leith na Gaeilge nó ar theip air? Tabhair fáth le do fhreagra.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Bille Rialtas Dúchais, 1912-1914.
2. Pádraic Mac Piarais.
3. Caidreamh Angla-Éireannach faoi de Valera, 1932-1939.
4. James J. McElligott.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na téarmaí a bhí sa chomhaontú a rinneadh i ndiaidh idirbheartaíocht an Chonartha i Londain (Deireadh Fómhair - Nollaig 1921)?
2. Cad iad na hullmhúcháin a rinneadh chun a chinntiú go mbeadh rath ar Chomhdháil Chorp Chríost, 1932?
3. Conas a chuir an Chuntaois Markievicz agus/nó Evie Hone le gnóthaí na hÉireann?
4. Cad a bhain James Craig amach mar phríomh-aire ar Thuaisceart Éireann?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo cuimhníonn an staraí sóisialta Domhnall Mac Amhlaigh siar ar an lá ar fhág sé Éire chun dul ar imirce go Sasana ar thóir oibre, an 12 Márta, 1951.

*Maidin inniu d'iompair mé mála guail abhaile do mo mháthair. Tá gach rud déanta agam di anois: an garraí curtha agus an seanteach glanta suas beagán ar an taobh amuigh.*

*Bhí slua maith ar an mbád, an* Princess Maud*. Chuaigh mé siar go maith chun deiridh ar an mbád le go mbeadh an t-amharc deireanach agam ar Éirinn agus ar shoilse Dhún Laoghaire agus, go tobann, tháinig cumha orm arís. Chodail mé an chuid ba mhó den bhealach as Holyhead go Rugby.*

*Nuair a thuirling mé den traein ag Rugby, thit an lug ar an lag orm. Nuair a d'fhéach mé thart ar an stáisiún salach gránna, bhí gach rud ag féachaint an-choimhthíoch sin dom. Thart ar a sé a chlog ar maidin thosaigh na céadta ag plódú isteach sa stáisiún, aghaidheanna bána mílítheacha orthu agus boscaí lóin a bhí mar an gcéanna ar a nguaillí acu.*

Foinse: Domhnall Mac Amhlaigh, *Dialann Deoraí*, aistrithe ag Valentin Iremonger, *An Irish Navvy: the Diary of an Exile* (Londain: Routledge, 1964).

1. Sular fhág sé an baile, cén tasc deiridh a rinne Mac Amhlaigh dá mháthair?
2. Cén t-ainm a bhí ar an mbád ar thaistil sé air?
3. Cén fáth ar shuigh Mac Amhlaigh gar do chúl an bháid?
4. Cén bharúil a bhí ag Mac Amhlaigh's den stáisiún traenach ag Rugby?
5. Cén fáth a raibh an oiread sin de mhuintir na hÉireann ar thóir oibre sa Bhreatain idir 1945 agus 1966?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Imircigh Éireannacha ag Grosse Isle.
2. An tOrd Oráisteach i gCeanada agus san Astráil.
3. John Devoy.
4. Maureen O'Hara.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhain cuairt de Valera ar Mheiriceá (Meitheamh, 1919-Nollaig, 1921) amach?
2. Ar éirigh le Misean an Spioraid Naofa go dtí an Nigéir nó ar theip air? Déan do chás a áitiú.
3. Cad iad na bealaí inar léirigh gairmréim duine amháin díobh seo a leanas an t-eispéireas Gael-Mheiriceánach: Boss Croker; Joe Kennedy; John F. Kennedy?
4. Conas a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas leas na hEaglaise Caitlicí chun cinn i measc imircigh Éireannacha: An tArdeaspag Daniel Mannix; an tEaspag Edward Galvin; an Mháthairab Mary Martin?

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déanann John Hume machnamh ar an gcúlra a bhain lena ról san fheachtas 'Ollscoil do Dhoire'. Léigh é agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Treisíodh an mothú a bhí againne i nDoire go rabhamar scoite amach nuair a dúnadh na naisc iarnróid a bhí againn le Dún na nGall in 1953 agus le Baile Átha Cliath in 1965 agus ina dhiaidh sin nuair a íosghrádaíodh an nasc le Béal Feirste.*

*Ba é buille na tubaiste ná an moladh, in 1965, go dtógfaí ollscoil nua i gCúil Raithin, baile beag béal dorais, seachas i gcathair Dhoire féin, a raibh foirgneamh stairiúil Choláiste Mhig Aoidh ann cheana féin, an láthair ba shoiléire d'ionad léinn.*

Foinse: *Britain and Ireland: Lives Entwined III, (*The British Council, 2002).

1. Cad iad na nithe a tharla a chuir leis an mothú a bhí ag fás i nDoire go raibh sé scoite amach?
2. Dar le John Hume, cad ab ea 'buille na tubaiste'?
3. Conas a chuireann John Hume síos ar Chúil Raithin?
4. Dar le John Hume, cén fáth arbh é Doire 'an láthair shoiléir' d'ollscoil nua?
5. Cén fáth gur moladh Cúil Raithin mar láthair na hollscoile nua?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Margaret Thatcher agus Tuaisceart Éireann.
2. Freagairtí cultúrtha do na "Trioblóidí".
3. Dearbhú Shráid Downing, 1993.
4. Gerry Adams.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag na Printísigh agus cén fáth ar chruthaigh a gcuid aidhmeanna fadhbanna i nDoire?
2. An dóigh leat gur éirigh le príomh-aireacht Terence O'Neill nó gur theip uirthi? Déan do chás a áitiú.
3. Cad a comhaontaíodh ag Sunningdale agus cén fáth ar theip ar an bhfeidhmeannas comhroinnte cumhachta?
4. Conas a bhí tionchar ag Bernadette Devlin/nó Ian Paisley ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann?

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déanann Garret FitzGerald machnamh ar thionchar CEE ar iascaireacht na hÉireann. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Dhiúltaigh an Ginearál de Gaulle d'iarratas na hÉireann agus na Breataine ballraíocht a ghlacadh in CEE, i mí Eanáir 1961. Faoin am ar ghlac Éire, an Bhreatain, agus an Danmhairg ballraíocht in 1973, bhí socrú curtha i gcrích ag na sé bhall bhunaidh a thug rochtain dóibh ar stoic éisc na Breataine, na Danmhairge agus na hÉireann.*

*Laghdaigh socrú a bhain mise amach, mar Aire Gnóthaí Eachtracha, in 1976 na míbhuntáistí a bhain leis sin ó thaobh na hÉireann de. Thug sé sin cead d'Éirinn a gabháil éisc a dhúbailt agus méadú 90% a dhéanamh ar a luach laistigh de chúpla bliain.*

Foinse: Garret FitzGerald, *Reflection on the Irish State* (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2003).

1. Cén fáth ar theip ar iarratas na hÉireann i gcomhair ballraíochta in CEE in 1961?
2. Faoin mbliain 1973 cad air a raibh rochtain faighte ag na sé bhall bhunaidh?
3. Cén feabhas a bhain FitzGerald amach d'iascaireacht na hÉireann in 1976?
4. Cén post a bhí ag FitzGerald in 1976?
5. Seachas an iascaireacht, luaigh athrú amháin a tháinig ar Éirinn i ngeall ar a ballraíocht san CEE.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe i soláthar sláinte agus leasa shóisialaigh, 1949-1989.
2. Forbairtí san oideachas, 1949-1989.
3. Jack Lynch.
4. Conas mar a bhí ag an nGaeilge, 1949-1989.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh tábhacht chomh mór sin leis an gCéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach, 1958-1963?
2. Cad iad na fadhbanna a tháinig chun cinn do Sean Lemass agus é ina Thaoiseach?
3. Cad iad na bealaí ar chuir Breandán Ó hEithir le cultúr na hÉireann?
4. Cad a bhain Charles J. Haughey amach le linn a chuid ama mar Thaoiseach?

# ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, pléann an staraí Martin Kitchen córas Metternich. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhí Metternich ag iarraidh an t-ord caomhach a bunaíodh ag Comhdháil Vín in 1815 a choinneáil; bhí sé ag iarraidh an tsíocháin a choinneáil san Eoraip; agus bhí sé ag iarraidh ionad na hOstaire, a thír dhúchais, mar chumhacht mhór a chaomhnú. Tugadh córas Metternich air sin.*

*In 1830, de bharr réabhlóid mhí Iúil sa Fhrainc, cuireadh iallach ar Shéarlas X an choróin a thabhairt suas i bhfabhar Louis Philippe. Chomh maith leis sin, chuir an réabhlóid tús le sraith de cheannaircí eile ar fud na hEorpa. I mí Dheireadh Fómhair na bliana céanna scar an Bheilg leis an Ísiltír agus d'fhógair sí a cuid neamhspleáchais, agus tharla ceannaircí san Iodáil, sa Ghearmáin agus sa Pholainn.*

Foinse: Martin Kitchen, *A History of Modern Germany from 1800 to the Present* (Chichester, West Sussex: Wiley-Blackwell, 2012).

1. Cén bhliain a raibh Comhdháil Vín ann?
2. Luaigh gné amháin a bhain le córas Metternich.
3. In 1830 cé a tháinig in ionad Shéarlas X mar Rí na Fraince?
4. Cathain a bhain an Bheilg a neamhspleáchas amach mar thír?
5. Ar éirigh le Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin nó ar theip uirthi? Tabhair fáth le do fhreagra.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Forbairtí san eolaíocht, 1815-1871.
2. Robert Peel.
3. Victor Hugo.
4. Náisiúnachas na mBalcán.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Giuseppe Mazzini san Iodáil agus cad a bhain sé amach?
2. Cén fhís a bhí ag Karl Marx agus/nó Mikhail Bakunin chun sochaí nua a chruthú?
3. Conas a chruthaigh Haussmann cathair Pháras a bhí níos taitneamhaí?
4. Conas a chuidigh Robert Owen le cúinsí oibre a dhéanamh níos fearr dá chuid oibrithe?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo déantar cur síos ar na contúirtí a bhain leis an ngluaisteánaíocht sna laethanta tosaigh. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh**.**

*Níor mhór machnamh go cúramach sula ndéanfá cinneadh a bheith i do ghluaisteánaí i laethanta tosaigh an ghluaisteáin. Bhí an costas suntasach a bhain le gluaisteán a cheannach agus é a choinneáil ar an mbóthar, neamhiontaofacht na bhfearas, easpa stáisiún peitril nó garáistí, drochbhóithre agus faitíos forleathan roimh an ngluaisteán i measc an phobail.*

*Bhí na gluaisteáin deartha mar charráistí oscailte. De bhrí nach raibh díon, gaothscáth ná doras orthu bhí ar an ngluaisteánaí gléasadh i gcomhair cosanta ón aimsir.*

*Faoi thús na 1900idí bhí deannach bóthair ag cur as do ghluaisteánaithe. Bhí tiomáint san oíche as an áireamh ar fad mar nach raibh mórán maitheasa sa choinneal ná sna lampaí ola.*

Foinse: Lord Montagu of Beaulieu "The Early days of Motoring." *History Today,* Vol. 36 (Londain: Deireadh Fómhair, 1986).

1. Cén fáth a raibh ar ghluaisteánaithe sna laethanta tosaigh a bheith cinnte go dtabharfaidís dóthain peitril leo dá dturas?
2. Cén fáth a raibh ar ghluaisteánaithe sna laethanta tosaigh 'gléasadh i gcomhair cosanta'?
3. Faoi thús na 1900idí cad a bhí ag cur as do ghluaisteánaithe?
4. Cén fáth a raibh tiomáint san oíche 'as an áireamh ar fad'?
5. Ainmnigh tionscnóir amháin a chuir le luathstair an ghluaisteáin.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Príomhfhorbairtí san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus i gcúrsaí míochaine.
2. Tionsclaíocht agus géarchéim gheilleagrach sa Rúis Shárach.
3. Mná sa líon saothair le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda.
4. Rosa Luxemburg.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a sheol Bismarck polasaí eachtrach na Gearmáine idir 1871 agus 1890?
2. Cén polasaí cabhlaigh a bhí ag Wilhelm II agus cén fáth ar chuir sé an-imní ar rialtas na Breataine?
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar Wilfred Owen agus/nó Douglas Haig?
4. Conas a d'imir an Pápa Leo XIII agus/nó Woodrow Wilson tionchar ar ghnóthaí san Eoraip?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus páirtíocht nua san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as nóta chuig Margaret Thatcher óna ceannasaí aonad polasaí, John Hoskyns (Lúnasa, 1981), maidir lena a stíl cheannaireachta. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá do stíl cheannaireachta mícheart. Déanann tú bulaíocht ar chomhghleacaithe atá níos laige. Cáineann tú comhghleacaithe i láthair a chéile agus i láthair oifigeach. Is beag moladh ná creidiúint a thugann tú. Mar thoradh air sin níl daoine sásta.*

*Ní mór duit ceannaireacht a thabhairt trí dhaoine a spreagadh, seachas iad a cháineadh. Ní mór go mothóidís siúd atá ar d'fhoireann faoi mar a bheidís deich dtroithe ar airde mar gheall ortsa, seachas tú a bheith ag cur lena gcuid faitís agus lena gcuid féinamhrais. Abair "sinne" agus ní "mise".*

Foinse: Charles Moore, *Margaret Thatcher: Not for Turning: The Authorised Biography, Volume 1* (Londain: Allen Lane, 2013).

1. Conas a thagraíonn Hoskyns do 'stíl cheannaireachta' Thatcher?
2. Conas a chaitheann Thatcher lena comhghleacaithe atá níos laige?
3. Luaigh tionchar amháin atá ag iompar diúltach Thatcher.
4. Dar le Hoskyns, conas ba chóir do Thatcher gníomhú?
5. Luaigh cinneadh tábhachtach amháin a thóg Margaret Thatcher mar phríomh-aire.

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Jean Monnet.
2. Mikhail Gorbachev.
3. Athrú ar ról na mban.
4. Tionchar an ríomhaire ar an tsochaí.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An raibh rath ar Nikita Khrushchev in a cheannaireacht ar an Aontas Sóivéadach? Mínigh do fhreagra.
2. Cad iad na hiarmhairtí sóisialta agus geilleagracha a bhain le géarchéim na hola, 1973, don Eoraip?
3. Cad iad na himeachtaí ba mhó a bhí i saol an Phápa Eoin Pól II?
4. Conas a bhí tionchar ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar an gcultúr agus ar an tsochaí: John Lennon; Alexander Solzhenitsyn; Simone de Beauvoir?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo leagann Ceannaire na Tansáine, Julius Nyerere, amach a thogra i gcomhair forbairt na tuaithe. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh**.**

*Bheadh grúpaí daoine ina gcónaí le chéile i sráidbhaile. Bheidís ag feirmeoireacht le chéile agus chuirfidís seirbhísí áitiúla ar fáil.*

*Bheadh an pobal mar ghrúpa traidisiúnta teaghlaigh. Bheadh sé mór go leor chun modhanna feirmeoireachta nua-aimseartha a chur san áireamh.*

*Thabharfaí 'ár gcuid talún' ar an talamh a mbeidís ag feirmeoireacht air agus 'ár mbarr' ar an mbarr a tháirgfidís. Mar sin, spreagfaí an mothú gur úinéireacht i bpáirt a bhí i gceist.*

Foinse: Julius Nyerere*, Socialism and Rural Development* (Dar es Salaam: Government Printer, 1977).

1. Cá mbeadh grúpaí daoine ina gcónaí?
2. Cad a chuirfeadh lucht an tsráidbhaile ar fáil?
3. Cad iad na modhanna feirmeoireachta a chothófaí?
4. Cén chaoi a spreagfaí an mothú gur úinéireacht i bpáirt a bhí i gceist?
5. Ar éirigh le polasaí ujamaa nó ar theip air? Mínigh do fhreagra.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Coinbhinsiúin Lomé.
2. Achmad Sukarno.
3. Fadhbanna tipiciúla a bhíonn ag oibrithe forbartha san Afraic.
4. Ho Chi Minh.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Gamal Abdel Nasser i ngnóthaí a thíre?
2. Cén fáth ar scar Katanga leis an gCongó agus cén fáth ar chuir eachtrannaigh a ladar sa scéal, 1960-1965?
3. Cad a bhain Nadine Gordimer agus/nó Chinua Achebe amach?
4. Conas a rinneadh sochaí ilchiníoch den Fhrainc agus cad iad na fadhbanna maidir le caidreamh idir cinícha a tháinig chun cinn le linn na 1980idí?

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo pléitear an pháirt a ghlac na Stáit Aontaithe sa Chóiré, 1950-1953. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh**.**

*Ar an 25 Meitheamh 1950 rinne fórsaí na Cóiré Thuaidh ionradh ar an gCóiré Theas. Phléasc timpeall 100,000 fear a raibh tancanna agus eitleáin de dhéantús na Sóivéide acu isteach sa deisceart. Ghabh siad Seoul, an phríomhchathair agus formhór na tíre.*

*D'iarr an Chóiré Theas cúnamh ar na Stáit Aontaithe. Ní raibh an dara rogha ag an Uachtarán Truman ach beart a dhéanamh. Bhí sé á cháineadh cheana féin ag McCarthy agus ag an bPáirtí Poblachtach as ucht 'an tSín a chailleadh' mar go raibh an cumannachas tagtha i réim ann. Ní fhéadfadh sé an Chóiré 'a chailleadh' freisin.*

*Thug na Náisiúin Aontaithe (NA) cead do SAM gníomhaíocht mhíleata a eagrú agus a chomhordú ó 16 náisiún a bhí ina mbaill den eagraíocht. Chuaigh trúpaí na Náisiún Aontaithe i mbun comhraic, agus an Ginearál Meiriceánach McArthur i gceannas orthu, agus faoin 8 Meán Fómhair bhí iallach curtha acu ar fhórsaí na Cóiré Thuaidh cúlú taobh thiar den 38ú domhanleithead.*

Foinse: Murphy, Cooper & Waldron, *United States, 1776 -1992* (Londain: Harper Collins, 2001).

1. Cad a tharla ar an 25 Meitheamh 1950?
2. Cén fáth nach raibh an dara rogha ag Truman ach beart a dhéanamh?
3. Cén cinneadh a rinne na Náisiúin Aontaithe (NA)?
4. Cé a bhí i gceannas ar thrúpaí Mheiriceá agus na Náisiún Aontaithe sa Chóiré?
5. Seachas an Choiré, ainmnigh tír amháin eile áit a raibh polasaí ag na Stáit Aontaithe i leith fhás an chumannachais.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An fáth a raibh rath ar gheilleagar Mheiriceá, 1965-1968.
2. Bochtaineacht uirbeach, drugaí agus coireacht.
3. Muhammad Ali.
4. Ilchultúrthacht sna Stáit Aontaithe.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén bunús a bhí le baghcat bus Montgomery, 1956 agus cén toradh a bhí air?
2. An gceapann tú gur éirigh le polasaithe Lyndon Johnson, 1963-1968, i Vítneam nó ar theip orthu? Mínigh do fhreagra.
3. Conas a chuir Marilyn Monroe agus/nó Betty Friedan leis an tsochaí i Meiriceá?
4. Conas a bhí ar chumas na Stát Aontaithe tuirlingt ar an ngealach a bhaint amach in 1969?

**LEATHANACH BÁN**

# LEATHANACH BÁN